

[14_03.mp3](#)

Bileog 14.3

Sinéad Ní Churnáin

Is mise Sinéad Ní Churnáin agus is breá liom a bheith ag léamh. Is iad na saghsanna leabhar a thaitníonn liomsa ná leabhartha rómánsúla, leabhartha bleachtairéachta, úrscéalta agus gearrscéalta. Ficsean is mó a léimse. Is breá liomsa leabhair Wally Lamb, J.K. Rowling agus Raymond Carver go háirithe. Ní fhaighim puinn seans a bheith ag léamh na laethanta seo mar go mbím an-ghnóthach ag an obair. Is é an leabhar deireanach a léas féin ná *She's Come Undone* le Wally Lamb.

[14_05.mp3](#)

Bileog 14.5

Siobhán

Ní féidir liomsa titim i mo chodladh san oíche gan píosa maith léitheoireachta a dhéanamh. Léim cuid mhór mar sin. Fan go bhfeicfidh mé anois, em, an leabhar is fearr a léigh mé riamh? Em, Is dócha go gcaithfinn a rá *Jane Eyre*. Sárleabhar is ea é go cinnte, agus ceapaim gurb é an leabhar grá is fearr a léigh mé i mo shaol.

Peadar

Á, go cinnte is é an leabhar is fearr a léigh mé riamh ná *Muhammad Ali: His Life and Times* le Thomas Hauser. Is breá liom leabhair spóirt agus leabhair dírbheathaisnéise agus tá an dá rud i gceist leis an leabhar seo. Ní hamháin go dtugtar léargas ar shaol Muhammad ach tugtar léargas ar shaol Mheiriceá chomh maith. Leabhar an-mhaith is ea é.

Seán

Is fada an lá anois ó léigh mé an leabhar seo, ach níl leabhar chomh maith leis léite agam ó shin. Is é an leabhar ná *On The Road* le Jack Kerouac. Bhí mé i mo dhéagóir nuair a léigh mé an leabhar seo agus cheap mé go raibh an saol fiáin a bhí ag na leaids agus iad ag tiomáint trasna na Stát Aontaithe thar barr. Ó, bhí mé in éad leo.

Pól

Caithfidh mé a rá gurb é *Steppenwolf* le Hermann Hesse an leabhar is fearr a léigh mé riamh. Cé gur leabhar gruama é agus go bhfuil sé dorcha go leor, fuair mé sólas ann. Tá tuiscint an-domhain ag Hesse ar chastacht agus ar dheacracht an tsaoil. Mholfainn an leabhar seo d'aon duine (agus fir go háirithe) atá ag déanamh machnaimh ar chúrsaí an tsaoil.

Ciara

An leabhar is fearr liomsa i láthair na huairé ná an leabhar filíochta le Nuala Ní Dhomhnaill, *The Fifty Minute Mermaid*. Dánta a bhfuil téamaí an ghrá agus an chultúir

iontu. Déanann sí staidéar chomh maith ar shíceolaíocht mhuintir na hÉireann sa lá atá inniu ann. Is breá liom smaointe mar seo.

Clár

Gan dabht ar bith is é an leabhar is fearr a léigh mise le tamall maith anois ná *The Time Traveler's Wife*, ní cuimhin liom anois cé a scríobh é. Gnáthscéal grá is ea é, ach baintear úsáid as scéal aisteach le téama an ghrá a chur in iúl. Bean atá pósta ar fhear a théann ag taisteal amach agus isteach ar thréimhse áirithe dá saol – san am a chuaigh thart nó san am atá le teacht. Cuireann an leabhar síos ar cé chomh deacair is atá sé a bheith i ngrá le fear mar seo.